C/2025/5741

23.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12175 — PERMIRA / BHP / CARGILL / RIO TINTO / RIGHTSHIP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5741)

1. An 15 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Permira Holdings Limited ('Permira', Geansaí),

— Cleamhnaithe BHP Group Limited (in éineacht lena chuideachtaí cleamhnaithe, 'BHP Group', an Astráil),

— Cleamhnaithe Cargill Incorporated (in éineacht lena chuideachtaí cleamhnaithe, 'Cargill', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Cleamhnaithe Rio Tinto Limited (in éineacht lena chuideachtaí cleamhnaithe, 'Rio Tinto', an Astráil),

— RightShip Group Pte. Ltd. ('RightShip', Singeapór), atá faoi rialú comhpháirteach BHP Group, Cargill Group agus Rio Tinto Group.

Gheobhaidh Permira, BHP Group, Cargill agus Rio Tinto rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar RightShip.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Permira seirbhísí bainistíochta infheistíochta ar fud an domhain do chistí infheistíochta,

— Is cuideachta acmhainní atá éagsúlaithe ar fud an domhain é BHP Group,

— Tá Cargill gníomhach ar fud an domhain i mbia, i gcomhábhair, i réitigh talmhaíochta agus i dtáirgí tionsclaíocha,

— Is corparáid ilnáisiúnta miotal agus mianadóireachta é Rio Tinto,

— Cuireann RightShip réitigh mheasúnaithe agus bhainistíochta riosca mhuirí ar fáil, go háirithe seirbhísí díchill chuí, comhshaoil agus cigireachta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12175 — PERMIRA / BHP / CARGILL / RIO TINTO / RIGHTSHIP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË